# *Gairmscoil na bPiarsach*

## *Nuacht litir* *Cáisc 2016*





Ar chlé **Paul Ó Gríofa** ag bualadh an chloigín a bhronn Scoil Éanna i Rath Fearnainn ar Ghairmscoil na bPiarsach i 1966 nuair a bhí ceiliúradh 50 bliain ón Eirí Amach ar siúl.  Chomh maith leis an gcloigín, tá cóipeanna de na leabhráin ó Scoil Éanna ag dul siar go dtí 1910 in Iarsmálann na Scoile.



Comhghairdeachas mór le iar-scoláire de chuid na scoile, **Liam O Conáire** a bhain amach Gradam Christofides in Ollscoil na hÉireann , Gaillimh. Bronntar Gradam Christofides agus €600 ar an scoláire a bhaineann amach an marc is airde i Matamaitic trí Ghaeilge sa chéad bhliain san Ollscoil.

**Lá 1916** - Bronnadh cóip de Fhórógra na Cásca ar gach scoláire sa scoil. Anseo tá scoláirí ón gcéad bliain gléasta in eadaí ó 1916.



## Focal ón bPríomhoide

Fáilte chuig eagrán 3 de nuachtlitir na scoile agus gan muid i bhfad ó shaoire na Cásca. Le seachtainí anuas, bhí scoláirí na hArdteistiméireachta agus scoláirí an teastas Shóisearaigh i mbun a gcuid scruduithe macasamhail. Tabharfaidh torthaÍ na scruduithe seo roinnt treorach agus le cúnamh dé, spreagadh do na scoláirí agus iad ag diriú ar chuid deireadh de rása na scruduithe stáit. Bíonn muid ag éileamh caighdéan ard óna deagóirí seo agus muid ag súil le rud amháin, go é sin go ndéanfaidh siad a ndícheall i gcónaí. A scoláirí, má dhéanann sibh bhur ndícheall i gconaí, ní amháin i scrudú ach freisin i mórimeachtaí agus dúshláin an tsaoil, ní bheidh tú i bhfad ón marc ariamh.

Bhí roinnt ceardlanna agus ocáidí speisialta againn sa Ghairmscoil ón eagrán deireadh. Tá imeachtaí chomóradh na scoile ar Éirí amach na Casca faoi lán tseoil ag an tráth seo. Díreach tar éis saoire na Nollag, bronnadh cóip de fhórógra na Cásca ar scoláirí na scoile ar fad. Ghléasadar suas ar an lá in éadach na ndaoine timpeall aimsir tús an chéad seo caite. Gabhaim buíochas leo siúd ar fad a thug cúnamh ar an lá speisialta sin. Ós a chionn sin, nocht an scoil cloch cinn ar uaigh an bhean iomráiteach sin, **Brigid Alyward** ar an 5ú Feabhra. Ba lá álainn a bhí anseo do mhuintir na scoile agus o phobal na h-áite. Fós agus í ar shlí na fírinne le blianta fada, tugann an fondúireacht a shocraigh sí an-chúnamh i dtaobh cúrsaí oideachais a chur chun cinn sa taobh seo tíre. Táim fíorbhuíoch do na scolaírí, múinteoirí, muintir na h-áite ach go h-áirthe **Bridie Uí Chónamha** a d'eagraigh na h-ócáide seo.

Bhí ceardlann deas ag scoláirí agus tuismitheoírí na scoile le seanchara leis an scoil, Pat Courtney ar chúrsaí bulaíochta. Tá saineolas ag Pat ar an topaic seo agus muid ag iarraidh suíomh sábhailte gan buairt a chur ar fáil dár scoláirí.

Mar fhocal scoir, déanfaimid comhbhrón le **Bríd Uí Chonghaile** agus a clann mhac, **Conchúr, Séan agus Tomás** chomh maith le gaolta agus cairde leo as ucht bás a fear céile, **Pádráig** le gairid.

**Ar dheis dé go raibh anam Phádraig.**

**Peadar Ó Loideáin (Príomhoide)**



Pat Courtney le scoláirí ón gcéad bhliain

## Ócáid Chomóradh Bhridget Aylward - Banríon Alasca




Mórshiúl ó Ghairmscoil na bPiarsach go dtí Reilig Chill Eoghain



**Frank Ó Máille** agus **Coilimín Ó Mainín** ag nochtú cloch chinn Bhridget Aylward





Carr le cianrialú a rinne **Ríona Ní Churraoin** sa rang miotalóireacht.

## Clár Radió - Éirí Amach 1916

Scoláirí na scoile **agus Colm Ó Neasa** ag déanamh taifid ar chlár faoi 1916 i stiúidio Radió na Gaeltachta. Beidh sé ag dul amach ar aer maidin Lá Pádraig ag 10.25. Tá siad istigh ar chomórtas a d'eagraigh RTÉ Radio na Gaeltachta i mbliana agus tá Gairmscoil na bPiarsach ar cheann de 5 scoileanna atá fanta saghcomórtas ag an bpointe seo . Go n-éirí leo.









## Imeachtaí Eolaíochta

An Chéad Bhliain ag 'Teen Tech' in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

*Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, 091-574100*
*Ríomhphost: piarsach@gretb.ie*

*www.gairmscoilnabpiarsach.com*

**Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha**